AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2020
COM(2020) 648 final

2018/0322 (COD)

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

an seasamh ón gComhairle maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le coigeartú an réamh-mhaoinithe bhliantúil i gcomhair na mblianta 2012 – 2023

2018/0322 (COD)

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

an seasamh ón gComhairle maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le coigeartú an réamh-mhaoinithe bhliantúil i gcomhair na mblianta 2012 – 2023

1. CÚLRA

An dáta a tarchuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018) 614 final – 2018/0322 COD)):	07/09/2018
Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh:	04/04/2019
An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle:	07/10/2020

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é an aidhm a bhí ag an gCoimisiún na leibhéil réamh-mhaoiniúcháin bhliantúla a laghdú go dtí 1 % le haghaidh thréimhse chlársceidealaithe 2014 – 2020 ó 3 % mar atá faoi láthair le haghaidh na mblianta 2021 – 2023. Is é a bhí beartaithe sa togra, trédhearcacht a mhéadú, cur le hintuarthacht na pleanála buiséadaí agus cuidiú a thabhairt an phróifíl íocaíochta a dhéanamh níos cobhsaí agus níos intuartha. Bhí an laghdú beartaithe le haghaidh na dtrí bliana deiridh den tréimhse chlársceidealaithe atá ann faoi láthair (2021 – 2023), a bhfuil forluí idir í agus an chéad tréimhse chlársceidealaithe eile, dar tús 2021. San áireamh sa chur chuige sin, bhí riachtanais íocaíochta a eascraíonn as socruithe réamh-mhaoiniúcháin a beartaíodh i gcomhair chláir 2021-2027 áit nach n-íocfaí ach an réamh-mhaoiniú tosaigh, agus sin ina shé ghála bhliantúla.

3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS NA SEASAIMH ÓN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS Ó CHOISTE NA RÉIGIÚN

Ghlac an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta (rapporteur: Mr Doz Orrit) a thuairim ag Seisiún Iomlánach an 23 agus an 24 Eanáir 2019, agus diúltaíodh an togra ón gCoimisiún leis an tuairim sin. Sheas an Coimisiún lena mholadh tosaigh ag an gcéim sin. Níor eisigh Coiste na Réigiún tuairim.

4. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019. Chuir an Pharlaimint leasú amháin i láthair a raibh sé d'aidhm aige na leibhéil réamh-mhaoiniúcháin bhliantúla a laghdú le haghaidh na mblianta 2021 – 2023 go dtí 2 % in ionad iad a laghdú go dtí 1 % mar a mhol an Coimisiún. Sheas an Coimisiún lena mholadh tosaigh ag an gcéim sin.

5. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

Léirítear seasamh na Comhairle ag an gcéad léamh i seasamh na Comhairle Eorpaí atá bunaithe ar chonclúidí an 21 Iúil 2020 ón Pharlaimint na hEorpa.

San aon leasú amháin ón gComhairle, tá sé beartaithe na leibhéil réamh-mhaoiniúcháin bhliantúla le haghaidh na mblianta 2021 – 2023 a laghdú go dtí 2 % in ionad é a laghdú go dtí 1 %, mar a bhí molta. Thug seirbhísí an Choimisiúin cúnamh agus an ríomh á dhéanamh ar ar bunaíodh na conclúidí ar thángthas orthu ag an gComhairle Eorpach agus measadh go raibh sé indéanta an ráta a comhaontaíodh a chur i bhfeidhm.

6. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis na hathruithe a rinne an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.